

ACHOIMHRE AR AN BPÁIPÉAR
COMHAIRLIÚCHÁIN

**CÚITEAMH A
DHÉANAMH AS
ÍOSPARTAIGH NA
COIREACHTA**

(ACHOIMHRE LRC 67 – 2022)

ACHOIMHRE AR AN BPÁIPÉAR COMHAIRLIÚCHÁIN
**CÚITEAMH A DHÉANAMH AS ÍOSPARTAIGH NA
COIREACHTA**

© An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 2022

Teach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath, D02 DY27

T. + 353 1 637 7600

info@lawreform.ie

<http://www.lawreform.ie>

Twitter: [@IrishLawReform](https://twitter.com/IrishLawReform)

Athchóiriú ar an Dlí

Is é an aidhm atá againn dlí na hÉireann a athbhreithniú agus tograí a dhéanamh maidir le hathchóiriú. Oibrímid freisin ar an dlí a nuachóiriú ionas go mbeidh sé níos éasca teacht air agus é a thuiscint. Forbraítear ár gcuid tograí i bpróiseas, agus is í an chéad chéim sa phróiseas seo ná Páipéar Comhairliúcháin. I bPáipéir Chomhairliúcháin, déantar an dlí a scrúdú agus leagtar amach ceisteanna faoi athruithe féideartha ar an dlí. A luaithe a fhoilsítear Páipéar Comhairliúcháin, iarraimid aighneachtaí ar athruithe féideartha ar an dlí. Téimid i gcomhairle go forleathan, déanaimid machnamh ar na haighneachtaí a fuaireamar agus ansin foilsímid Tuarascáil ina leagtar amach anailís agus moltaí an Choimisiúin.

Tá go leor de na hathruithe a rinneadh ar dhlí na hÉireann mar thoradh ar go leor de mholtaí an Choimisiúin.

Déantar foráil dár sainordú sa dlí

Bunaíodh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí leis an Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975 chun an dlí a choimeád faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach.

Is féidir leat ár bhfoilseacháin uile a léamh ar www.lawreform.ie.

Rochtain ar Reachtaíocht

Déanaimid reachtaíocht níos inrochtana don phobal. Déanaimid é seo trí thrí acmhainn a chur ar fáil:

An tEolaire Reachtaíochta Is eolaire ar líne é de leasuithe ar reachtaíocht phríomha agus thánaisteach, eolaire ina bhfuil faisnéis ghaolmhar thábhachtach.

Na hAchtanna Athbhreithnithe déantar gach leasú agus athrú ar Acht a thabhairt le chéile in aon téacs amháin ar féidir leat cuardach a dhéanamh air ar líne. Ina measc tá:

Na hAchtanna Athbhreithnithe Roghnaithe a achtaíodh roimh 2005, agus gach Acht arna leasú go téacsúil a achtaíodh ó 2005 air (seachas na

hAchtanna Airgeadais agus an tAcht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005. Tá Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh athbhreithnithe á ullmhú).

An Liosta Rangaithe Is bunachar sonraí ar líne é de gach Acht den Oireachtas atá fós i bhfeidhm eagraithe i 36 ceannteideal nó teideal ábhar-bhunaithe. Leis an Liosta Rangaithe tá sé níos éasca reachtaíocht ghaolmhar ar ábhar áirithe a aimsiú. Is é an t-aon acmhainn atá ar fáil go poiblí ina ndéantar é seo.

Ina theannta sin, táimid ag leanúint leis an gClár um Athbhreithniú ar Dhlí Reachtúil a bhfuil sé mar aidhm aige reachtaíocht atá as feidhm lena aisghairm a aithint. Le linn thréimhse an ráitis straitéise seo leanfaimid leis an obair a tosaíodh in 2019 maidir le reachtaíocht thánaisteach a rinneadh idir 1821 agus 1922.

TABLE OF CONTENTS

Réamhrá.....	3
1. Níl an Scéim ar bhunús reachtach.....	4
2. Teastaíonn ráiteas soiléir cuspóra agus treoirphrionsabail	4
3. Cé atá freagrach as riaradh na scéime.....	5
4. Maoiniú na scéime	6
5. Tacaíochtaí neamhairgeadaíochta	6
6. Dámhachtainí cúitimh.....	7
7. Incháilitheacht agus eisiámh.....	7
8. Saincheisteanna le Nósanna Imeachta	9
9. Idirghníomhú le cúiteamh sa phróiseas coiriúil	11
10. Oifig Náisiúnta na nÍospartach.....	12
Tuairimí á lorg faoin 19ú Aibreán	13

Réamhrá

Leagtar amach sa Pháipéar Comhairliúcháin na príomhchoincheapa atá á mbreithniú ag an gCoimisiún maidir le hathchóiriú na Scéime Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla atá maoinithe ag an stát.

Scrúdaíonn Páipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin:

- cineál dámhachtainí cúitimh i leith díobhálacha coiriúla;
- cé atá i dteideal cúiteamh a fháil;
- conas a oibríonn an próiseas cúitimh i leith díobhálacha coiriúla;
- cé ba cheart cinntí a dhéanamh ar dhámhachtainí cúitimh agus
- cén chuma ar chóir a bheith ar scéim reachtúil leasaithe

COIMISIÚN NA hÉIREANN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Tá an Scéim á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt; déanann an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla cinntí ar chúiteamh.

Tugann an Páipéar Comhairliúcháin achoimre ar nósanna imeachta na Scéime agus ar fhorbairt na scéime, chomh maith le bunús na scéimeanna cúitimh d'íospartaigh atá maoinithe ag an stát go hidirnáisiúnta. Tugann an páipéar comhthéacs inar bunaíodh scéimeanna den sórt sin agus an comhthéacs ina bhfeidhmíonn siad sa lá atá inniu ann. Leanann sé forbairt agus aithint chearta na n-íospartach, go háirithe na hoibleagáidí ceangailteacha dlíthiúla a eascraíonn as Treoracha éagsúla do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Leanfaidh an tréimhse chomhairliúcháin ar feadh deich seachtaine, ag tosú inniu, agus is é aidhm an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí leibhéal láidir rannpháirtíochta a bhaint amach idir páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne ar na saincheisteanna a ardaíodh agus a pléadh sa Pháipéar Comhairliúcháin. Chun cabhrú le rannpháirtíocht an phobail, cuireann an Coimisiún roinnt ceisteanna maidir leis na príomh-shaincheisteanna atá á mbreithniú. Tá fáilte roimh fhreagraí ó gach taobh. Foilseoidh an Coimisiún doiciméad achomair le scríobh soiléir i mBéarla freisin. Sna míonna amach romhainn eagróidh an Coimisiún roinnt imeachtaí comhairliúcháin freisin.

Díríonn an Páipéar Comhairliúcháin ar roinnt gnéithe tábhachtacha na scéime, ina measc:

1. Níl an Scéim ar bhunús reachtach

Dar leis an gCoimisiún tá buntáistí suntasacha ag baint le scéim reachtúil. Dá mbeadh reachtaíocht ann, d'fhéadfadh sé prionsabail agus cuspóir an phróisis cúitimh a lua go soiléir. Dhéanfaidh an reachtaíocht an binse buan agus struchtúrtha; chabhródh sé le comhsheasmhacht freisin. Buanghné de thírdhreach chearta na n-íospartach atá i gceist: mar sin, tá bunús reachtach oiriúnach.

2. Teastaíonn ráiteas soiléir cuspóra agus treoirphrionsabail

Agus an Coimisiún ag féachaint ar athchóirithe, tá súil aige bealaí a aimsiú inar féidir tráma tánaisteach laistigh den phróiseas cúitimh d'íospartaigh a laghdú. Tá tuairimí á lorg ag an gCoimisiún maidir leis na treoirphrionsabail ar cheart a bheith mar bhunús don reachtaíocht ar chúiteamh i ndíobhálacha coiriúla. Molann an Coimisiún prionsabail lena n-áirítear:

- cúiteamh;
- cúiteamh mar cheart;
- admháil agus dlúthpháirtíocht agus
- laghdú ar íospairt thánaisteach.

3. Cé atá freagrach as riaradh na scéime

Ardaíonn an Páipéar Comhairliúcháin roinnt ceisteanna maidir le maoiniú agus riarachán na scéime.

Ar cheart don Roinn Dlí agus Cirt leanúint de bheith freagrach as a riarachán? B'fhéidir gur cheart é a lonnú laistigh de chomhlacht atá ann fós (cosúil leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta nó an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát), nó ar cheart é a bheith suite i gcomhlacht speisialta nua.

Molann an Coimisiún go gcaithfidh an cinneadh (maidir leis an gcomhlacht atá freagrach as an bpróiseas cúitimh a riaradh) a bheith comhsheasmhach le haidhmeanna foriomlána an athchóirithe: ní mór don scéim a bheith éifeachtach, freagrúil ar thráma agus caithfidh sé dul i ngleic le cúiteamh mar chuid d'aitheantas foriomlán ar stádas íospartaigh. Molann sé freisin, cibé áit a bhfuil an scéim chúitimh suite i ndeireadh na dála, nach mór an poitéinseal do cheartas nóis imeachta a uasmhéadú. Cuireann an Coimisiún béim láidir ar an tábhacht a bhaineann le caitheamh le híospartaigh le meas.

Ón taighde déanta go dtí seo, dar leis an gCoimisiún go bhfuil fadhbanna leis an gcóras reatha – bíonn moilleanna fada, constaicí maorlathacha agus constaicí nós imeachta an mBinse. Ní mór d'íospartaigh athchuir a thabhairt arís agus arís eile ar shonraí na gcoireanna foréigneacha a rinneadh orthu – is féidir leis an strus agus an imní a bhíonn ar íospartaigh a mhéadú. Mar sin, is féidir argóint láidir a dhéanamh ar son athdhearadh iomlán agus corpas nua. Níl moltaí deiridh déanta ag an gCoimisiún go fóill maidir leis na saincheisteanna éagsúla a thagann chun

cinn. Mar sin féin, measann an Coimisiún go bhfuil sé fíorthábhachtach go bhfuil an Scéim:

- bunaithe i reachtaíocht;
- maoinithe go cuí agus go comhsheasmhach;
- go bhfuil foireann chuí ann, leis na scileanna agus an oiliúint riachtanach aige;
- eagraithe go héifeachtach gan mórán constaicí nóis imeachta;
- eagraithe go trócaireach, ar bhealach atá íogair do thráma íospartach le linn an phróisis iarratais.

4. Maoiniú na scéime

Is scéim deontais teoranta airgid í an Scéim, le buiséad bliantúil teoranta. Má chaitear an buiséad roimh dheireadh na bliana, ní mór d'iarraitasóirí fanacht go dtí an chéad bhliain eile chun dámhachtainí cúitimh a fháil. Nuair a thógann éileamh mór cuid shuntasach den bhuiséad bliantúil i mbliain amháin, cuireann sé seo moill ar éileamh mór agus beag. Is léir go dteastaíonn maoiniú comhsheasmhach agus leordhóthanach don scéim. Déantar plé sa Pháipéar Comhairliúcháin ar bhealaí éagsúla ina bhféadfaí maoiniú a chur ar fáil don Scéim, amhail fineálacha cúirte agus leithdháileadh airgid a fhorghéilleadh don Stát mar fháltais choireachta, chomh maith le sócmhainní arna n-urghabháil ag an mBiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tarraingíonn sé freisin ar chur chuige a glacadh i ndlínsí eile, lena n-áirítear an "Tobhach Ciontóirí" i dTuaisceart Éireann agus an Ciste Chónaidhme d'Íospartaigh na Coireachta sna Stáit Aontaithe. Ina Thuarascáil 2005 ar Bhosca Cúirt na mBocht: Promhadh Ciontóirí (LRC 75-2005), mhol an Coimisiún gur cheart Ciste Cúitimh reachtúil a chur in ionad chóras Bosca na mBocht Cúirte. Ionchorpróidh fiú páirtmhaoiniú ó fhoinsí den sórt sin gné shiombalach den chúiteamh.

5. Tacaíochtaí neamhairgeadaíochta

Tá sé mar aidhm ag cúiteamh cabhair phraiticiúil a thabhairt d'íospartaigh chun teacht chucu féin ó éifeachtaí coireachta, agus aitheantas siombalach a thabhairt don dochar a rinneadh dóibh. Admhaíonn an

Coimisiún nach féidir le cúiteamh airgeadaíochta amháin soláthar a dhéanamh do riachtanais íospartaigh i ndiaidh coireachta. Ardaíonn sé ceistanna ar na tacaíochtaí neamhairgeadaíochta a d'fhéadfaí a thabhairt i scéim chúitimh leasaithe, in éineacht le, nó mar chuid de, dámhachtain chúitimh. B'fhéidir roinnt comhairleoireachta nó cúnaimh chun filleadh ar an bhfórsa saothair trí athoiliúint. Molann an Coimisiún go bhféadfaí dochar a íoslaghdú agus biseach a mhéadú dá ndéanfaí measúnú sa phróiseas ar riachtanais airgeadais na n-íospartach ar na tacaíochtaí teiripeacha agus praiticiúla a theastaíonn uathu.

6. Dámhachtainí chúitimh

Leagtar amach sa Pháipéar Comhairliúcháin prionsabail neamhcheangailteach a mholtar in ionstraimí dlí idirnáisiúnta maidir le córais chúitimh d'íospartaigh agus prionsabail cheangailteacha chúitimh faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Déanann sé measúnú ansin ar fhorálacha Scéim na hÉireann in aghaidh an dá cheann.

Faoi Scéim na hÉireann, íoctar cúiteamh ar dhamáistí speisialta: speansais inchainníochtaithe as póca, mar chostais leighis agus cúiteamh i leith cailteanas ioncaim. Tar éis athbhreithnithe ar an Scéim i 2021, ní bhaineann íocaíocht damáistí ginearálta, i.e., cúiteamh i leith cailteanais neamhairgeadais (pian agus fulaingt), ach amháin i gcásanna marfach. De ghnáth déantar íocaíochtaí in aon chnapshuim amháin, ach tá an rogha ag an mBinse íocaíochtaí eatramhacha a dhéanamh.

Ceistíonn an Coimisiún má tá sé ceart damáistí ginearálta a eisiáimh, seachas i gcásanna báis, nuair a bhíonn oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta ar Éirinn maidir le cúiteamh d'íospartaigh. Ceistíonn sé freisin an bhfuil oibleagáid ann damáistí ginearálta a sholáthar do na híospartaigh go léir, toisc gur léirmhínigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh cúiteamh "cothrom agus iomchuí" mar ranníocaíocht le cailteanais ábhartha agus neamhábhhartha.

7. Incháilitheacht agus eisiáimh

Is ábhar fíorthábhachtach é soiléireacht maidir leis na catagóirí íospartach atá i dteideal cúiteamh a fháil ó scéim chúitimh stáit. Tá critéir

COIMISIÚN NA hÉIREANN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

incháilitheachta riachtanach chun cinneadh a dhéanamh cé hiad na daoine ar féidir leo cúiteamh a fháil. Is iad intuarthacht agus comhsheasmhacht gnéithe bunúsacha den chothroime sa chomhthéacs seo.

Leagann an Scéim Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla amach cén catagóirí éilitheoirí atá incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chúiteamh, agus na critéir faoinar féidir cúiteamh a dhiúltú nó a theorannú.

I measc na ndaoine incháilithe tá:

- íospartach an chiona;
- duine a thugann tacaíocht airgeadais don íospartach, a d'fhulaing cailteanas airgid nó a thabhaigh costais mar thoradh ar ghortú an íospartaigh;
- duine atá ag brath ar an íospartach a gortaíodh go marfach;
- aon duine a thabhaigh costais mar thoradh ar an mbás an íospartach;
- duine atá ag brath ar an íospartach a maraíodh i gcúinsí seachas a chuid gortuithe ón gcion.

Ní mór an choir a bheith déanta in Éirinn agus ní mór don íospartach an cion a thuairisciú don Gharda Síochána nó do Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. Ní mór éilimh a chur isteach laistigh de thrí mhí ón gcion, cé go bhfuil an rogha ag an mBinse síneadh a chur leis an tréimhse sin. Níl sé soiléir ó fhorálacha na Scéime an féidir íospartach a d'fhulaing gortú síceolaíoch amháin, seachas gortú coirp, a chúiteamh faoin scéim.

De réir théarmaí na scéime, is féidir leis an mBinse srianta áirithe a mheas agus cinneadh á dhéanamh ar chúiteamh:

- caithfidh an costas airgeadais dul thar €500;
- caithfidh an t-iarratasóir "cúnamh réasúnta" a bheith tugtha don Bhinse;

- Is féidir leis an mBinse a chinneadh go mbeadh sé oiriúneach dámhachtain a dhiúltú bunaithe ar iompar an íospartaigh, a gcarachtar nó a shlí mhaireachtála, agus mar sin is féidir leo dámhachtainí a laghdú nó a dhiúltú go hiomlán.

Níl íospartaigh a gortaíodh i gcionta tráchta bóthair incháilithe, ach amháin i gcásanna ina ndearnadh iarracht d'aon ghnó an t-íospartach a bhualadh.

Má mheasann an Binse go raibh íospartach freagrach as a ghortuithe féin, mar gheall ar briogadh nó eile, is féidir a chúiteamh a laghdú nó a dhiúltú.

Ardaítear saincheisteanna sa Pháipéar Comhairliúcháin maidir le discréd an Bhinse maidir leis na critéir incháilitheachta agus eisiaimh a léirmhíniú. Faoi dhlí an AE, tá sé de cheart ag íospartaigh na coireachta foréigneacha d'aon ghnó cúiteamh "cothrom agus cuí" a fháil. Mar sin, tá sé riachtanach go mbeadh soiléireacht ann ó thús go deireadh maidir le cur i bhfeidhm na rialacha a rialaíonn an Scéim Chúitimh. Léiríonn anailís ar chinntí an Bhinse easpa soiléireachta agus comhsheasmhachta idir iarratasóirí ar léirmhíniú na dtorainneacha lánroghnacha seo ar incháilitheacht.

Iarrann an Coimisiún saincheisteanna ar leith maidir leis an gcritéar teorann a bhaineann le hiompar, carachtar nó slí beatha íospartaigh. Deir sé gur féidir a mhaíomh go bhfuil na teorainneacha seo ró-leathan agus ró-dhoiléir. Ina theannta sin, ní éilíonn téarmaí na Scéime go sainráite nasc cúiseach idir iompar, carachtar agus slí maireachtála an íospartaigh agus na gortuithe a dhéantar go coiriúil. Níl sé soiléir cad iad na fachtóirí a bhreithneoidh an Binse agus an rogha seo á léirmhíniú agus á chur i bhfeidhm aige. Déanta na fírinne, ní léir cad is brí le "carachtar nó slí maireachtála" sa chomhthéacs seo.

8. Saincheisteanna le Nósanna Imeachta

Scrúdaíonn an Páipéar Comhairliúcháin roinnt saincheisteanna praiticiúla agus nós imeachta maidir le téarmaí na Scéime agus nósanna imeachta an Bhinse. Deir an Coimisiún go bhfuil dualgas soiléir faoi dhlí an AE

íospartaigh a chosaint ar íospairt thánaisteach. Tá an dualgas seo san áireamh sa Treoir Íospartach agus i straitéis an AE maidir le cearta íospartach. Mar sin, tá freagrúlacht-tráma tábhachtach agus nósanna imeachta an Bhinse á scrúdú. Deirtear go sainráite sa Treoir um Chúiteamh "Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall na foirmiúlachtaí riaracháin is gá d'iarratasóir ar chúiteamh a choinneáil chomh híseal agus is féidir." Sonraítear sa Treoir d'Íospartaigh "Ba cheart íospartaigh na coireachta a chosaint ar íospairt thánaisteach agus ar íospairt arís ... ba cheart tacaíocht iomchuí a fháil chun a dtéarnamh a éascú agus ba cheart rochtain leordhóthanach ar cheartas a sholáthar dóibh."

Mínítear sa Pháipéar Comhairliúcháin an próiseas iarratais, atá bunaithe ar fhoirm iarratais a chomhlánú, de lámh, a éilíonn faisnéis fairsing maidir leis na costais a thabhaíonn an t-íospartach agus faisnéis phearsanta shuntasach. Níl aon áis ar líne ann chun iarratas a chur isteach, mar sin ní mór iad a chur sa phost chuig an mBhinse. Ní mór an próiseas seo a bheith críochnaithe laistigh den amlíne trí mhí atá socraithe ag an mBhinse. Cáineadh an teorainn ama seo mar teorainn ró-shriantach. Teipeann air freisin na hiarmhairtí ollmhóra a bhaineann leis na gortuithe tromchúiseacha agus/nó méala thrámach a d'fhéadfadh a bheith ag iarratasóirí a chur san áireamh.

Nuair a bhíonn na nósanna imeachta riaracháin críochnaithe, cuireann an Rúnaíocht an t-iarratas faoi bhráid an Bhinse lena bhreithniú agus lena chinneadh. Sa chás go bhfuil an t-éileamh níos lú ná €75,000, cinfidh Ball amháin den Bhinse é. Déanfaidh triúr ball den Bhinse cinneadh ar éilimh os cionn an leibhéil sin. Déantar an próiseas breithnithe ar bhonn na gcáipéisí a fhaightear. Cé go bhfuil foráil d'éisteacht ó bhéal ar an éileamh, ní fhéadfaidh sé seo tarlú agus cuirfear cinneadh an Bhinse in iúl don íospartach. Is féidir leis an íospartach cinneadh a achomharc agus déanfaidh triúr ball den Bhinse breith. D'fhéadfadh éisteacht ó bhéal a bheith ann.

Ardaíonn an Coimisiún ábhair imní maidir le próiseas achomhairc an Bhinse. Scrúdóidh an Coimisiún an bhfuil meicníocht sheachtrach achomhairc chuig cúirt le haghaidh cinní an Bhinse inmhianaithe nó riachtanach. Dá mbeadh ceart achomhairc chun na cúirte, chuirfeadh sé próiseas achomhairc níos láidre ar fáil, mar go mbeadh gnéithe

caighdeánacha de phróiseas dlí i gceist le hachomharc den sórt sin agus bheadh se lán-neamhspleách ón mBinse.

Tá iarratasóirí i dteideal dlíodóirí a fhostú sa phróiseas iarratais ar chúiteamh íospartach. Má dhéanann siad amhlaidh, áfach, is ar a gcostas féin a bheidh sé, agus ní aisíocfaidh an Scéim Cúitimh na costais. Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil gá leis an tsaincheist seo a bhreithniú tuilleadh, go háirithe i gcásanna ina gcruthaíonn imthosca an íospartaigh deacracht mhór chun éileamh dlisteanach ar chúiteamh a shaothrú.

Tagann ceisteanna chun cinn maidir le nádúr maorlathach nósanna imeachta an Bhinse, i gcomhthéacs cheart íospartaigh na coireachta foréigneacha chun cúitimh ón Stát.

Cuireann an Coimisiún béim ar ghnéithe de nósanna imeachta an Bhinse a d'fhéadfadh, le hathruithe beaga agus saora, cabhrú níos fearr le híospartaigh a chúiteamh. Gníomhartha beaga ar nós litir nó ríomhphost a sheoladh chuig an íospartach, ag admháil a thaithí le comhbhá agus ag léiriú dlúthpháirtíochta leo ar son mhuintir na hÉireann mar shampla. Tá sé fíor-thábhachtach go ndeartar próisis an bhinse ó thús go deireadh chun íospartaigh a dheisiú, chun constaicí riaracháin agus maorlathas a íoslaghdú agus chun cothroime agus trédhearcacht a uasmhéadú. Is mian leis an gCoimisiún a thuiscint conas is féidir deireadh a chur le constaicí nós imeachta atá ann cheana féin.

9. Idirghníomhú le cúiteamh sa phróiseas coiriúil

Mar ábhar dlí an AE, faoin Treoir Cúitimh, ní mór do Bhallstáit córais náisiúnta cúitimh státmhaoinithe a oibriú. Ní mór do Stáit próiseas a bheith acu freisin chun cinneadh a fháil maidir le cúiteamh a íoctar leis an gciontóir in imeachtaí dlí. Is féidir le cúirteanna coiriúla in Éirinn a ordú go n-íocfar cúiteamh ó chiontóirí le híospartaigh ag deireadh na trialach coiriúla. Is minic freisin go dtugann ciontóirí cúiteamh d'íospartaigh go deonach ag an bpianbhreith.

Chun ceanglais na Scéime Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla a chomhlíonadh, ní mór d'íospartach iarratas a dhéanamh chuig an mBinse laistigh de thrí mhí ón eachtra choiriúil. Mar sin féin, i gcásanna ina n-aithnítear an ciontóir agus ina bhfuil sé ina ábhar d'imeachtaí coiriúla, is é cleachtas an Bhinse cinneadh ar éileamh an íospartaigh a choinneáil siar, go dtí go dtabharfar imeachtaí coiriúla chun críche. Déanfar aon chúiteamh ón gciontóir, cibé acu a ordaíonn an Chúirt nó a íoctar go deonach, a asbhaint ó dhámhachtain cúitimh a éilítear faoin Scéim. Tagann sé seo leis an bprionsabal in aghaidh cúitimh dúbailte faoin Scéim.

Maidir leis an moill a thagann chun cinn dosheachanta i gcásanna ina bhfuil ciontóirí ina n-ábhar d'imeachtaí coiriúla, ceistíonn an Coimisiún an bhfuil cúiseanna bailí ann le fanacht ar thabhairt chun críche imeachtaí cúirte sula ndéanfar cinneadh ar iarratas ar chúiteamh. Ina theannta sin, luann an Coimisiún a thuairim, i gcás inar tharla gortuithe tromchúiseacha agus nuair nach bhfuil aon amhras orthu ach gur eascair choiriúil iad, go bhféadfadh moill a chur ar dhámhachtain cúitimh agus imeachtaí comhthreomhara ar siúl go bhféadfadh sé cruatan míchuí a chruthú d'íospartaigh. Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí maidir le bealaí ina bhféadfaí na próisis sin a chuíchóiriú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr.

10. Oifig Náisiúnta na nÍospartach

Leis na hathchóirithe a d'fhéadfadh a bheith molta ag an gCoimisiún, tugtar deis córas a dhearadh a laghdóidh na bacainní agus constaicí níos imeachta gan ghá, chomh maith le strus agus tráma a laghdú d'íospartaigh na coireachta. Mar chuid de sin, fiafraíonn an Coimisiún an dteastaíonn Oifig Náisiúnta d'Íospartaigh uainn chun cúiteamh agus seirbhísí tacaíochta (atá ginearálta nó speisialaithe) a sholáthar ar bhealach comhordaithe agus comhtháite.

Tuairimí á lorg faoin 19ú Aibreán Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí ó chomhairlithe ar na saincheisteanna a ardaítear sa Pháipéar Comhairliúcháin seo faoin 19ú Aibreán 2022. Beidh an Páipéar Comhairliúcháin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin, www.lawreform.ie ó 7 m ar an 9ú Feabhra.

Is féidir freagraí a chur faoi bhráid an Choimisiúin trí ríomhphost: VictimCompensation@lawreform.ie

